

©Nuala Ní Chróinín



Bí ag Smaoineamh/ Bí ag plé (Teanga ó Bhéal)

Cén teideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?

Cén fáth ar roghnaigh tú an teideal sin?

Samhlaigh tú féin sa phictiúr seo. Cá bhfuil tú? Céard atá ar siúl agat?

Céard iad na rudaí éagsúla atá agat? (An bhfuil buicéad nó aon rud eile agat?)

Is leatsa an bád sa phictiúr. Cá rachaidh tú? Cé a bheidh leat?

Bí ag Éisteacht nó ag Léamh (Teanga)

Cois Trá

Gaineamh i mo chluasa

Gaineamh i mo shrón

Nuair a d'oscail mé mo mhála

Bhí gaineamh i mo lón

Gaineamh i mo leaba

Is faoi ingne mo lúidín

Ach féach ar mo dhéartháirín bocht

Tá gaineamh ina chlúidín

Áine Ní Ghlinn

(*Bronntanais*), Cló Mhaigh Eo

Chum Tadhg Mac Dhonnagáin an t-amhrán

Cé a Chlúdaigh mé le Gaineamh?

(Dlúthdhiosca: *Ceol na Mara*, futa fata)

Scríobh Patricia Forde an dán **Cois Trá**

(*Féasta Filíochta*, Séideán Sí)

Is féidir teacht orthu sin ar an ndlúthdhiosca nó sa leabhar (nó ar an idirlíon)

An bhfuil aon dán nó amhrán eile ar eolas agatsa faoin trá?

Bí ag Scríobh (Teanga : Scríbhneoireacht)

Roghnaigh tasc scríbhneoireachta amháin:

1. Scríobh *cinquain* (nó dán ar bith) faoin trá nó faoin bhfarraige

An bhfuil a fhios agat céard é *cinquain*? Is dán é ina bhfuil 5 líne. Bíonn méid áirithe siollaí nó focail i ngach líne. Ag an deireadh, diamant a bhíonn ann. (Tugann roinnt daoine *dán lóchrainn* air.)

Treoir:

(Ní rialacha iad seo agus ní gá cloí leo. Is féidir leat do rialacha féin a chumadh. An príomhrud ná go mbíonn lóchrann nó diamant ann ag an deireadh.)

Líne 1: 1/2 shiolla ann. Go hiondúil seo teideal an dáin.

Líne 2: 2/3 shiolla ann. Déantar cur síos ar an teideal.

Líne 3: 3/4 shiolla ann. D'fhéadfadh aicsean éigin a bheith i gceist.

Líne 4: 2/3 shiolla ann. D'fhéadfadh mothúchán a bheith ann.

Líne 5: 1/2 shiolla ann. De ghnáth, bíonn ceangal idir an líne seo agus Líne 1.

Samplaí:

<p><i>Lá</i> <i>Cois trá</i> <i>Caisleán mór</i> <i>Buicéad</i> <i>Spraoi</i></p>

<p><i>Cois trá</i> <i>Muid ag spraoi</i> <i>Déanaim caisleán</i> <i>Leagaim é</i> <i>Gáire</i></p>
--

<p><i>Stoirm</i> <i>Tonnta móra</i> <i>An fharraige fhiáin</i> <i>Faitíos</i> <i>Orm</i></p>
--

(Tabhair faoi deara gur chum mé mo rialacha féin. Bhris mé na rialacha go léir faoi na siollaí sa tríú ceann chun go mbeadh diamant ann ag an deireadh)

2. Scríobh scéal faoi lá a chaith tú ar an trá.
3. Chuaigh tú amach sa bhfarraige i mbád. Scríobh scéal nó dán faoin turas.

Do phictiúr féin: (Ealaíon)

Gearr amach an pictiúr a rinne Nuala Ní Chróinín agus cuir i lár an leathanaigh é. Greamaigh don leathanach é agus cuir leis. Lean ort le do phictiúr féin thart timpeall air. (Is féidir leat do rogha rud a dhéanamh – daoine a chur isteach nó rud ar bith.)

Inis dom faoi na rudaí atá le fáil ar an trá nó sa bhfarraige (**OSIE**)

Plé ar na bealaí chun tú féin a choinneal slán cois trá nó ar an bhfarraige (**OSPS**)

©Áine Ní Ghlinn